# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

**CLÓSCRÍOBH—ARDLEIBHÉAL**
**(100 marc)**

**Dé hAoine, 27 Bealtaine, maidin, 9:30—11:40**

**TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9:30—9:40. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*
2. Freagair gach ceann de na **cúig** cheist.
3. Clóscríobh do scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh 'L' i ndiaidh do scrúduimhreach má tá clóscríobhán láimhe á úsáid agat.
4. Léigh go cúramach na treoracha sonracha atá tugtha **ag barr** gach ceiste.
5. Tosaigh gach freagra ar bhileog úr.
6. Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht, etc, ach amháin sa triail chruinnis (ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhí-shlachtmhar ina ndiaidh.
7. Déan deimhin de go gcuirfidh tú do thriail chruinnis isteach sa chlúdach céanna le do chuid freagraí eile.
8. Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre go léir **in ord**.
9. Scríobh do scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh 'L' i ndiaidh do scrúduimhreach má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe.

| **Ceisteanna** | **Marc** |
|---|---|
| 1. Triail chruinnis (9:40—9:50) | 25 |
| 2. Litir ghnó | 20 |
| 3. Ráiteas táblaithe | 25 |
| 4. Obair thaispeántais | 15 |
| 5. Foirm áirithinte | 15 |
| | **Iomlán: 100** |

**Leathanach bán**

| Ceist 1 | TRIAIL CHRUINNIS (10 nóiméad) | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Déan cóip charbóin de do chuid oibre.

(b) Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill 2.54 cm (orlach amháin) ar dhá thaobh an leathanaigh.

(c) Dealófar marcanna má bhaintear úsáid as ceartúcháin.

(d) Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó cuid de, den dara huair.

(e) Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don fheitheoir ag deireadh na trialach cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun iad a chur in ord leis an gcuid eile de do chuid freagraí.

---

Chuir an tionscnamh is déanaí ó Oxfam Home lucht na meán, an t-aos faisin agus na healaíona ar a nglúine – páipéar gainimh, primeálaigh agus scuab péinte i láimh leo. In ainm na carthanachta, d'iarr siad ar ionadaithe ó na tionscail píosa seantroscáin a athchóiriú. Is í uaschúrsáil, an dordfhocal a ceapadh i lár an chúlú eacnamaíochta, an tsiopadóireacht nua dearaidh. Spreagann sé tumadóireacht scipe, tarrtháil iarsmaí agus mionbhradaíl ar shiopaí carthanais ar an mbealach go dtí faisean an chúlaithe. Is é an smaoineamh ná seachas rud éigin nua a cheannach, déanann tú iarracht rud álainn a dhéanamh de sheanrud.

Chonaic Oxfam House, brainse crua-earraí an charthanais idirnáisiúnta, an deis. D'fhéadfadh sé gur ionad caidrimh faiseanta é an siopa carthanais le haghaidh stílithe agus dearthóirí faisin, ach cé go bhfuil méadú tar éis teacht ar na síntiúis, tá laghdú ar na díolacháin ó thús an chúlaithe. Ba é réiteach Oxfam ar an scéal ná a iarraidh ar dhearthóirí intí, scríbhneoirí, maisitheoirí, stílithe agus ealaíontóirí tabhairt faoin uaschúrsáil óna bpríomhshiopa i mBaile Átha Cliath.

Bhí na torthaí chomh héagsúil leis na pearsantachtaí a ghlac páirt. Amhail mar a ghlacann úinéirí tréithe a gcuid peataí uaireanta chucu féin, léirigh gach píosa críochnaithe troscáin rud éigin sonrach agus uathúil faoin té a d'athchóirigh é. Ní píosa troscáin amháin a gheobhaidh ceannaitheoir an earra sa deireadh ach infheistíocht in ealaíontóir óg Éireannach.

Cuirfear na píosaí ar ceant agus cuirfear na fáltais chun leasa do chlár idirnáisiúnta Oxfam agus don obair fhadtéarmach fhorbartha dá gcuid i lár agus i ndeisceart na hAfraice, chomh maith le héigeandálaí daonnúla, ar nós na gcreathanna talún in Haiti. Cuideachta péinte a rinne coimirce ar an tionscnamh.

| **Ceist 2** | **LITIR GHNÓ** | **20 marc** |
|---|---|---|

(a) Clóscríobh an litir seo a leanas chuig an tUasal Tadhg Ó Briain, 10 Bóthar Mhuirfean, Baile Átha Cliath 4.

(b) Bain úsáid as an tagairt SB/do thúslitreacha féin.

(c) Bain úsáid as data an lae inniu.

(d) Cuir seoladh ar chlúdach nó ar chruth clúdaigh.

(e) Fág 5.08 cm ar a laghad (dhá orlach) ag barr an leathanaigh don cheann litreach.

(f) Tá roinnt dearmad litrithe, poncaithe agus gramadaí sa litir seo nach mór a cheartú.

A Uasail ← CUIR ISTEACH SLOINNE

Go rabh maith agat as do rphost den 20 Aibreán a lorg sonraí maidir le réadmhaoin atá ar díol in Iarthar Chorcaí. Tá cuid mhath tithe d'ardcháilíocht á dtairiscint againn i roinnt ionad ar phraghsanna an-íseal. Is féidir raon iomlán ár dtithe saoire a heiceáil inár n-oifig ar n bhFaiche Mhór i gCorcaigh.

Réadmhaoin Ardchéimiúil: ⋏ CHORCAÍ

| SUÍOMH | CÓIRÍOCHT | MÉID | PRAGHAS € |
|---|---|---|---|
| An Scoil | Árasán Dhá Sheomra Codlata | 1000 m. cr | €130,000 |
| Dún na Séád | Teach Dhá Sheomra Codlata | 2000 m. cr | €300,000 |
| An Tuar Mór | Teach Trí Sheomra Codlata | 1500 m. cr | €150,000 |
| Cléire | Teach Dhá Sheomra Codlata | 1200 m. cr | €145,000 |
| Beanntraí | Teach Trí Sheomra Codlata | 2000 m. cr | €150,000 |
| Na hAilichí | Tch Dhá Sheomra Codlata | 1200 m. cr | €140,000 |
| Na hAoraí | Árasán Dhá Sheomra Codlata | 1000 m. cr | €135,000 |
| u.c Cill chrócháin | Teach Trí Sheomra Codlata | 1500 m. cr. | €155,000 |

FOCAIL

* Is le déanaí a tháinig an réadmhaoin thuas go léir ar an margadh agus iad laistigh de 1 mhíle den sráidbhaile is cóngaraí cois trá. Tá na tithe ar díol ar leath an phraghais a iarradh i dtosach toisc an tógálaí a bheith faoi ghlacadóireacht [Ní bheidh an tairiscint seo ar fáil arís.] del

Más mian leat breathnú ar chóiríocht ar bith, déan teagmháil liom le do thoil ag www.tithesaoire@yahoo.ie nó ar 0875343218. ⋏ THUAS ⋏ #

Le Dea-ghuí L.C

Máirtín Ó Dónaill
Bainisteoir Tithe Saoire

| Ceist 3 | RÁITEAS TÁBLAITHE | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Réitigh an ráiteas táblaithe seo a leanas ar pháipéar A4.

(b) Taispeáin go héifeachtach i stíl bhloic nó i stíl lárnaithe é.

(c) Déan an rialú go néata i **ndúch.**

DÍOLACHÁN CARRANNA NUA & ATHCHAITE,
SRÁID ARD, NÁS, CO. CHILL DARA

LIOSTA CARRANNA ATHCHAITE AR 20 IÚIL 2011

| BLIAIN | DÉANAMH/MÉID INNILL | KM/MÍLTE | DATH | PRAGHAS € |
|---|---|---|---|---|
| 2011 | AUDI A8 L3.0 V6 TDI | 900KM | DUBH | €72,000 |
| 2011 | AUDI A6 2.0 TDIE 143S | 1,700KM | GORM | €39,000 |
| 2011 | AUDI A4 2.0 TDI (EAGTA) | 2,000KM | DEARG | €35,000 |
| 2011 | AUDI A2 2.0 TDI 170SE | 1,000KM | LIATH | €19,000 |
| | | | | |
| 2010 | AUDI A5 COUPE 1.8 TFSI 170 | 20,800KM | AIRGEAD | €35,295 |
| 2010 | BMW 320d | 6,368KM | DEARG | €34,975 |
| 2010 | AUDI A4 2.0 TDI 143S | 10,329KM | DUBH | €31,970 |
| 2010 | BMW 1.6d SPORT | 15,000KM | LIATH | €19,750 |
| | | | | |
| 2009 | BMW 320d SPORT TOURING | 17,000KM | DUBH | €19,500 |
| 2009 | AUDI A4 2.0 TDI 143 SE | 19,000KM | AIRGEAD | €18,200 |
| 2009 | BMW 520d SPORT | 21,000KM | BÁN | €39,750 |
| | | | | |
| 2008 | AUDI A2 2.0 TDI 143 SE | 19,650KM | LIATH | €15,560 |
| 2008 | AUDI A6 2.0 TDIE 143SE | 26,750KM | BÁN | €24,500 |
| 2008 | AUDI A6 2.0 TDI 143SE | 30,950KM | DUBH | €22,560 |
| | | | | |

| Ceist 4 | OBAIR THAISPEÁNTAIS | 15 marc |
|---|---|---|

Clóscríobh agus taispeáin go héifeachtach an fógra seo a leanas.

FORBAIRTÍ DÚN AN ÓIR

NEIDÍN

CO CHIARRAÍ

DEIS IONTACH I SUÍOMH AR LEITH

CÓNAÍ EISIACH SÓ

GAN ACH 5 AONAD FÁGTHA

ÁRASÁIN DUPLEX C 1095 tR.CR. €150,000

ÁRASÁN TRÍ SHEOMRA CODLATA C1225 tR.CR €250,000

SVUÍT DÍN C 1044 tr CR. €275,000

TEACH DHÁ SHEOMRA CODLATA C1575 tr.cr. €300,000

TEACH TRÍ SHEOMRA CODLATA C1755 tr.CR €350,000

TOISC AN CHUIDEACHTA A BHEITH FAOI
GHLACADÓIREACHT GLACFAR LE TAIRISCINTÍ
AR GACH RÉADMHAOIN

RPHOST: WWW. FORBAIRTDUNOIR@GMAIL.IE

**Ceist 5** | **FOIRM A DHEARADH** | **15 marc**

(a) Ó na sonraí seo a leanas, dréachtaigh foirm iarratais oiriúnach.

(b) Cuir gach mír in ord uimhriúil ach ná clóscríobh na huimhreacha.

---

CUMANN PÓNAÍ NA hÉIREANN

CRAOBH AN AONTAIS THUAIDH

TÁILLE BHALLRAÍOCHTA €90 ATÁ INÍOCHTA LEIS AN bhFOIRM IARRATAIS SEO (12)

SÍNITHE (10)

LEIBHÉAL TAITHÍ (8)

DÁTA BREITHE (6)

SEOLADH (2)

UIMH. THEILEAFÓIN (3)

AINM CHUMANN PÓNAÍ FAOI LÁTHAIR NÓ ROIMHE SEO (MÁS ANN DÓ) (7)

FÓN PÓCA (4) ~~AOIS~~ DEL

SEOLADH RPHOIST (5)

GNÁTHBHALLRAÍOCHT NÓ BALLRAÍOCHT CHOMHLACH (9)

DÁTA (11) ~~AINM TUISMITHEORA~~ DEL

AINM (1)

Má ghlactar le m'iarratas ar bhallraíocht, geallaim go gcuirfidh mé eolas ar rialacha agus ar rialachán Chumann Pónaí na hÉireann agus go gcomhlíonfaidh mé iad.

# Leathanach bán